# Creachadh Bhaile Brigín

AN 20 MEÁN FÓMHAIR 1920

*"a town in a war zone"*

The Freemans Journal 23rd September 1920



Sráid an Droichid, Baile Brigín, thart ar an mbliain 1912
Le caoinchead ó Staidéar Áitiúil agus Cartlann Fhine Gall

## Tús an scéil

**Bhí Éire ag tabhairt faoi chogadh neamhspleáchais leis an mBreatain go luath i 1920. Bhí an chéad Dáil, áit a raibh Sinn Féin mar ghuth náisiúnach na hÉireann, ar siúl le beagán de bhreis ar bhliain agus ba é Éamon de Valera Uachtarán na Dála. Ba é an phríomhaidhm chun Éire a shaoradh ó riail na Breataine agus Poblacht na hÉireann a bhunú.**




An Phríomhshráid, Baile Brigín, thart ar an mbliain 1912
Le caoinchead ó Staidéar Áitiúil agus Cartlann Fhine Gall

*"one of the worst acts of reprisal by the Black and Tans had occurred"*

David Fitzpatrick – Terror in Ireland

Cé go raibh traidisiún poblachtach i bhFine Gall, ina iomláine, a ghabh siar go dtí Éirí Amach 1798, agus gur ghlac muintir an bhaile páirt ghníomhach in Éirí Amach 1916 trí ghníomhartha Bhriogáid Fhine Gall, a bhí faoi stiúir Thomas Ashe, Richard Coleman agus Richard Mulcahy, ba bheag páirt a ghlac Baile Brigín, nó ghlac sé páirt ar bith, san Éirí Amach nó in Óglaigh na hÉireann go dtí an bhliain 1917. Mar thoradh ar Choimisinéirí Baile nua a thoghadh in Eanáir 1920, an chéad toghchán bardasach ó 1914, cuireadh iarrthóirí a raibh uaillmhianta náisiúnacha acu in ionad gach comhairleora, seachas triúr den ochtar comhairleoirí a bhí ann ag an tráth sin. Bhí an Cathaoirleach nua, James Derham, ball mór le rá de chuid Shinn Féin, i measc na n-iarrthóirí seo.

Anuas air seo, tháinig méadú ní ba shuntasaí ar ghníomhaíocht mhíleata. Rinneadh bunáit traenála de Bheairic Bhaile Mhic Gormáin, cúpla míle ó thuaidh ó Bhaile Brigín, d'earcaithe nua na nDúchrónach.
Ba chonstáblaí a earcaíodh sa Bhreatain a bhí sna hearcaithe seo, a thosaigh ag teacht go hÉirinn i Márta 1920 chun an méid ball i gConstáblacht Ríoga na hÉireann (an RIC) a neartú. Iar-shaighdiúirí dífhostaithe ba ea a bhformhór a throid sa Chéad Chogadh Domhanda, cé gurbh as Éirinn cuid acu. Rinneadh breis agus 9,000 díobh a thraenáil i mBaile Mhic Gormáin faoi dheireadh.

Ba mhinic a thaistealódh leoraithe ina raibh go leor Dúchrónach trí Bhaile Brigín ar an mbealach go Beairic Bhaile Mhic Gormáin. Stopfaidís i mBaile Brigín chun ligean do na saighdiúirí sóisialú sna tithe tábhairne.
Ba mhinic a d'éirigh na saighdiúirí maslach agus bagrach i leith mhuintir an bhaile. Ach ina ainneoin seo, ba bhaile mór rathúlachta é Baile Brigín, ag deireadh an tsamhraidh 1920, agus bhí todhchaí gheal ghléineach i ndán dó. Bhí roinnt monarchana góiséireachta agus línéadaigh ann a raibh a leabhair ordaithe lán. Gealladh go leanfaí den fhostaíocht agus d'fhorbairtí nua tithíochta a dhéanfadh áit mhealltach de Bhaile Brigín le cónaí ann, go háirithe i dtréimhse ina raibh áiteanna eile ina gcíor thuathail ó thaobh cúrsaí sóisialta, polaitiúla agus eacnamaíocha de. Ach thiocfadh athrú air seo go léir. Rinne na Dúchrónaigh ceann de na gníomhartha díoltais ba mheasa Oíche Dé Luain, an 20 Meán Fómhair 1920.




Monarcha Góiséireachta Sea Mills, Baile Brigín, thart ar an mbliain 1912
Le caoinchead ó Staidéar Áitiúil agus Cartlann Fhine Gall

Bhí an Príomhchonstábla Peter Burke ag filleadh ó chruinniú i mBaile Átha Cliath ní ba luaithe an lá sin ar Bheairic Bhaile Mhic Gormáin, áit a raibh sé lonnaithe. Bhí sé lena dheartháir, an Sáirsint Michael Burke agus cúpla fear eile. Shocraigh siad stopadh chun deoch a fháil i mBaile Brigín i dteach tábhairne Bhean Smyth ar Shráid Dhroichead Átha. Mar thoradh ar achrann a tharla ansin - tá éagsúlacht sna cuntais a tugadh maidir le cad a tharla go díreach - lámhachadh Peter Burke marbh agus ghortaigh Michael Rock, ball den 1ú Cathlán de Bhriogáid Fhine Gall, a dheartháir go dona. D'fhill roinnt baill eile den RIC a bhí ag ól sa teach tábhairne ar ais go Baile Mhic Gormáin agus thug siad le fios gur tharla an lámhach.

Bhí ardmheas ag a chomhghleacaithe ar an bPríomhchonstábla Burke agus tháinig conbhua leoraithe a raibh trúpaí ó Bheairic Bhaile Mhic Gormáin á n-iompar acu go Baile Brigín ní ba dhéanaí an oíche sin agus stopadh ag Beairic an RIC ar Shráid an Droichid. D'fhág na fir na trucailí agus thosaigh siad ag scaoileadh lena gcuid arm gan aire ar bith a thabhairt. Bhris siad fuinneoga agus doirse agus iad ag siúl na sráideanna. Doirteadh peitreal ar thithe agus lasadh é. Maraíodh daoine agus rinneadh scrios i rith na heachtra, ar tugadh "baile i láthair chogaidh" air in The Freemans Journal an 23 Meán Fómhair agus "ifreann ar talamh" in The Drogheda Independent an 25 Meán Fómhair. Rinneadh díobháil do thithe agus dódh chun talún iad, milleadh gnólachtaí, fágadh teaghlaigh beo bocht agus bhí beirt fhear marbh ar an tsráid.

libraries.
fingal.ie

# Creachadh Bhaile Brigín

## AN 20 MEÁN FÓMHAIR 1920



Sráid Chluain Ard á scriosadh
Le caoinchead ó Staidéar Áitiúil agus Cartlann Fhine Gall

*"soldiers coming from Clonard street and the street aflame behind them"*

Dr. Fulman, Medical Officer, Balbriggan

## Bás agus Scrios

**Baineadh Séamus Lawless, bearbóir áitiúil a bhí ina chónaí ar Shráid an Droichid agus Seán Gibbons, feirmeoir déiríochta óg a bhí ina chónaí ar Shráid Hampton, óna dtithe nuair a bhí an réadmhaoin á scriosadh agus tógadh go beairic an RIC ar Shráid an Droichid iad. Ceistíodh anseo iad faoin méid a tharla ní ba luaithe an lá sin.**




Plaic Chomórtha a cuireadh in airde ar Shráid an Droichid i 1941
Le caoinchead ó Staidéar Áitiúil agus Cartlann Fhine Gall


Ag breacadh an lae an 21 Meán Fómhair fuarthas corp na beirte fear ina luí ar chúinne Shráid na Cé agus Shráid an Droichid. Dúradh ag an ionchoisne maidir lena mbásanna a tionóladh an lá dar gcionn go raibh gearrthacha doimhne ar a gcoirp agus go bhfuair siad bás de bharr suaite agus rith fola ó na créachtaí seo. Cuireadh an bheirt fhear i Reilig Bhaile Scadán ina dhiaidh sin. Cuireadh plaic chuimhneacháin in airde sa bhliain 1941 in ómós dóibh i ngar don áit ar thángthas orthu ar Shráid an Droichid.

Deimhníodh ag an ionchoisne céanna gur shuaitheadh agus rith fola mar gheall ar chréachtaí urchair ar an gcliabhrach ba chúis le bás an Phríomhchonstábla Peter Burke. Tugadh a chorp go Gleann na Madadh, Contae na Gaillimhe, áit ar cuireadh é i láthair uaighe a mhuintire.

Cuireadh tús le scriosadh Bhaile Brigín nuair a loisceadh agus a dódh Teach Tábhairne Derham ar chúinne Shráid Chluain Ard agus Shráid an Droichid. Ba le John Derham, duine de na Coimisinéirí Baile, an gnólacht seo agus b'athair é freisin leis an gCathaoirleach, James Derham. Lean na Dúchrónaigh suas Sráid Chluain Ard, ar a dtugtar "Lána Shinn Féin" go háitiúil, mar gheall ar an líon mór daoine a thacaigh le Sinn Féin a bhí ina gcónaí ann. Sular bhain siad deireadh na sráide amach, bhí díobháil nó scrios déanta acu ar ní ba mhó ná 30 teach, siopa grósaera John Reynold agus uachtarlann Anne Corcoran. Theith an chuid ba mhó de na daoine a chónaigh ar Shráid Chluain Ard a dtithe le haghaidh a thabhairt ar thithe cairde ar shráideanna taobh leo nó ar pháirceanna máguaird, áit ar bhain siad foscadh amach i seideanna feirme nó faoi chocaí féir.


Faoi dheireadh na hoíche, bhí díobháil déanta do nó scriosadh iomlán déanta ar 75 teach, 4 theach tábhairne, 2 shiopa grósaera, 1 siopa nuachtán, agus 1 uachtarlann, laistigh de cheantar beag tíreolaíochta Bhaile Brigín. Bhí na Dúchrónaigh meáite ar mhonarcha góiséireachta Smyth & Co., ar a raibh cáil ar fud an domhain, a scriosadh ach mar gheall gur chuir roinnt daoine áitiúla móra le rá isteach orthu, dhírigh siad a n-aird ar Balbriggan Sea Mills Ltd., an mhonarcha góiséireachta a thóg an gnóthas Sasanach Deedes, Templer & Co. sa bhliain 1884. Dódh chun talún é agus cailleadh breis agus 380 post dá bharr.

D'fhill muintir Bhaile Brigín an mhaidin dar gcionn chun scrios na hoíche roimhe sin a fheiceáil. Bhailigh a bhformhór, ar eagla go dtitfeadh foréigean breise amach, a gcuid giuirléidí agus d'imigh siad ar cibé modh iompair a d'fhéadfaidís chun fanacht le gaolta nó le cairde. Chuir fear gnó áitiúil, an tUasal Gallan, tacaíocht airgeadais ar fáil dóibh siúd a raibh sé de dhíth orthu chun taisteal chuig gaolta i bhfad i gcéin. Bhí na traenacha a thaistil ó thuaidh agus go Baile Átha Cliath plódaithe le dídeanaithe. Roghnaigh roinnt cónaitheoirí fanacht agus chaith siad oícheanta breise sna páirceanna nó le comharsana. D'fhan siopaí agus gnólachtaí an bhaile dúnta, agus ba dheacair, dá bharr, orthu siúd nach raibh díon os a gcionn na bunriachtanais a fháil. Ach d'fhill Baile Brigín ar an ngnáthshaol de réir a chéile. Bhí Smyth & Co., a bhí dúnta an lá roimhe sin, ag feidhmiú mar ba ghnách faoin 22 Meán Fómhair.



That a Vote of sympathy be forwarded by the Clerk to the relatives of Messrs John Gibbons and James Lawless who lost their lives on the 21st Sept in the town during a reprisal by armed forces of the Crown, and that the meeting be adjourned as a mark of respect without transacting any other business.
The Motion was unanimously passed in silence.

Comhbhrón á chur in iúl ag Coimisinéirí Baile Bhaile Brigín
Le caoinchead ó Staidéar Áitiúil agus Cartlann Fhine Gall



Sochraid Seán Gibbons agus Séamus Lawless
Íomhá le caoinchead ó Chartlann RTÉ

*"fled to the surrounding fields where they found shelter in farm sheds and under the scanty shelter of haystacks"*


The Irish Times 23rd September 1920

libraries.
fingal.ie

# Creachadh Bhaile Brigín

## AN 20 MEÁN FÓMHAIR 1920

An scrios a rinneadh ar mhonarcha Góiséireachta Sea Mills
Íomhá le caoinchead ón Uasal Jim Glennon



*"the relief money was subscribed for those who suffered materially in the fire... would have to husband the funds carefully or they would not have a fraction left before long"*

Dr. Fulman, Medical Officer, Balbriggan

## Bhí cabhair ar fáil

**Ar maidin an 21 Meán Fómhair chonacthas do mhuintir Bhaile Brigín go raibh líon mór de na daoine a chónaigh ann beo bocht, nach raibh bia, éadaí ná áit chodlata acu mar gheall ar an milleadh a rinneadh an oíche roimhe sin. Mar thoradh ar scriosadh iomlán mhonarcha góiséireachta Sea Mills, bhí breis agus 380 duine dífhostaithe gan aon bhealach eile acu chun slí bheatha a dhéanamh.**

Thosaigh cónaitheoirí ag tabhairt airgid agus earraí eile d'ionadaithe eaglaise go n-úsáidfeadh na daoine siúd iad ba mhó ar theastaigh siad uathu. De réir mar a cuireadh daoine mórthimpeall ar an eolas ar an uafás a tharla i mBaile Brigín, cuireadh síntiúis airgid chuig na nuachtáin lena gcur ar aghaidh. Thug The Irish Times, The Irish Independent, The Freemans Journal agus The Drogheda Independent le fios go bhfuarthas litreacha ina raibh síntiúis, agus go raibh síntiúis mór a dhóthain i gceist le roinnt díobh. Bhí breis agus £23,000 bailithe idir na nuachtáin faoi thráth luath sa bhliain 1921.

Ba léir gur ghá do dhuine éigin freagracht a ghlacadh as Ciste Faoisimh Bhaile Brigín, mar a tugadh air, a dháileadh. Tionóladh cruinniú i Halla an Bhaile an 22 Meán Fómhair inar bunaíodh Coiste Faoisimh Bhaile Brigín agus bhí an tUasal Whyte, bainisteoir Smyth & Co., ina Chathaoirleach air. Chuir an Coiste tús leis an gciste a scaipeadh go struchtúrtha ó Dé Luain, an 27 Meán Fómhair. Shuigh an Coiste i Halla an Bhaile gach maidin agus tháinig duine ar bith a bhí ag lorg cabhrach isteach agus thug siad a gcás le fios.

Thug an Coiste breithiúnas ar an iarraidh agus chuir sé dearbhán ar fáil don iarratasóir le haghaidh bia, éadaí nó uirlisí cistine. I dtosach báire, bhí bia ag teastáil ó fhormhór na n-iarratasóirí sa ghearrthéarma, ach bhí cúnamh mór fadtéarmach airgeadais ag teastáil uathu siúd a chaill gach rud, a gcuid post san áireamh.


Rinne Coiste Faoisimh Bhaile Brigín athchóiriú ar sheanmhuileann plúir Walsh mar bhrú sealadach dóibh siúd a bhí gan dídean. Toisc go raibh go leor de na daoine gan dídean ina dtionóntaí sna teachíní ar Shráid Chluain Ard ar le Comhairle Ceantair Tuaithe Bhaile an Ridire iad, agus gur scriosadh 5 cinn díobh go hiomlán, d'iarr an Coiste cabhair orthu chun troscán a fháil don mhuileann. Sholáthair an Chomhairle Ceantair Tuaithe 16 leaba iarainn, 16 thocht, 16 cheannadhairt, 42 pluid, 20 clúdach piliúir, 16 chuilt agus 18 mbraillín.



Teaghlach ina sheasamh i bhfothracha, Sráid Chluain Ard
Íomhá le caoinchead ón Uasal Jim Glennon



Léarscáil den Sciosradh – réadmhaoin scriosta/dhamáistithe (dearg), Beairic an RIC, Sráid an Droichid (gorm), Teach Tábhairne an Uasail Smyth (glas)
Le caoinchead ó Staidéar Áitiúil agus Cartlann Fhine Gall




BALBRIGGAN.

THE TERRIBLE CALAMITY which has visited our town has rendered about fifty families homeless and destitute in Balbriggan, and has deprived over four hundred persons of their means of living. We need not impress upon you the necessity for an immediate and practical effort on behalf of these poor people. It is the plain duty of those who have escaped disaster to help their less fortunate brethren. At a preliminary meeting held in the Town Hall on Friday, the 24th, an influential Committee was appointed to collect funds and provide a scheme for the relief of the existing destitution. The following is the Committee: Lewis Whyte, J.P. (Chairman); D. J. Nolan, S. J. Moorehead, Joint Treasurers; C. J. Gallen, R. S. Gorman, T.C., Joint Secretaries; Very Rev. Canon Byrne, P.P., Balbriggan; Rev. W. J. Jameson, Rector, Balbriggan; Rev. W. Murphy, C.C.; Rev. E. O'Sullivan, C.C.; Rev. H. B. Good, Rector, Balrothery; Very Rev. J. Williams, P.P., Donabate; P. J. Curran, Co.C.; W. F. Fullam, M.D.; W. L. B. Cochrane, G. Scriven, J.P.; W. Bannon, T. M. Cashell, T.C.; W. J. Cumiskey, Francis Thunder, Col. R. T. Woods, J.P., D.L.; Capt. E. R. Taylor, J.P., D.L.; M. J. Sharkey, J. Larkin, Prof. E. B. Burke, J. P. Cullen, P. Wright, A. Graham, M. O'Rourke, P. Daly, Joseph Sharkey, Wm. Butler, J. A. Douglas. We solicit your subscription for this most deserving object. Subscriptions will be received by any member of the Committee, the Munster and Leinster Bank, Balbriggan, or the Northern Banking Co., Balbriggan. We append a list of the subscriptions received at the meeting.—Signed, C. J. GALLEN, R. S. GORMAN, T.C., Joint Secretaries.

SUBSCRIPTIONS:

| | | | |
|---|---|---|---|
| Most Rev. Dr. Walsh, Archbishop of Dublin ... | £100 | 0 | 0 |
| Lewis Whyte, J.P. ... | 50 | 0 | 0 |
| W. L. B. Cochrane ... | 50 | 0 | 0 |
| Very Rev. Canon Byrne, P.P., Babriggan ... | 25 | 0 | 0 |
| W. J. Cumiskey ... | 50 | 0 | 0 |
| Mrs. Cumiskey ... | 5 | 0 | 0 |
| Mrs. M. Murphy ... | 5 | 0 | 0 |
| Miss Eva Murphy ... | 0 | 10 | 0 |
| John Magee, Clonard ... | 5 | 0 | 0 |
| Mrs. Gallen ... | 10 | 0 | 0 |
| Chas. J. Gallen ... | 10 | 0 | 0 |
| J. P. Cullen, Bremore ... | 5 | 0 | 0 |
| E. F. Reynolds, Munster and Leinster Bank, Dublin ... | 1 | 1 | 0 |
| Thos. Robinson, Drogheda, per G. Mongey ... | 1 | 1 | 0 |
| J. P. Smith, per J. P. Cullen ... | 1 | 1 | 0 |
| Anon. ... | 1 | 0 | 0 |
| Very Rev. J. Williams, P.P., Donabate ... | 10 | 0 | 0 |
| Father Timmons, Liverpool Diocese | 5 | 0 | 0 |
| Mr. Fullerton, Dundalk ... | 2 | 2 | 0 |
| Mr. Swan, Kingstown ... | 1 | 0 | 0 |
| R. S. Gorman ... | 1 | 0 | 0 |
| D. J. Nolan ... | 10 | 0 | 0 |
| Prof. E. B. Burke ... | 15 | 0 | 0 |
| George Mongey ... | 10 | 0 | 0 |
| P. McCormick ... | 10 | 0 | 0 |
| W. H. Graham ... | 1 | 0 | 0 |
| Michael Sharkey ... | 5 | 0 | 0 |
| Mrs. M. Sharkey ... | 3 | 0 | 0 |
| Master Brian Sharkey ... | 1 | 0 | 0 |
| Miss Beppa Sharkey ... | 1 | 0 | 0 |
| Rev. W. Jameson ... | 3 | 3 | 0 |
| Philip Wright ... | 5 | 0 | 0 |
| Joseph Sharkey ... | 5 | 0 | 0 |
| Wm. Bannon ... | 2 | 2 | 0 |
| John Cullen, Dublin Street ... | 1 | 0 | 0 |
| P. J. Curran ... | 0 | 10 | 0 |
| Miss K. Cumisky ... | 50 | 0 | 0 |

Liosta de mhuintir Dhroichead Átha a chuir le Ciste Faoisimh Bhaile Brigín in The Drogheda Independent, an 2 Deireadh Fómhair 1920
Le caoinchead ó Chartlann Nuachtán na hÉireann



BALBRIGGAN RELIEF FUND.

FIRST LIST DROGHEDA SUBS.

| | | | |
|---|---|---|---|
| His Worship the Mayor ........ | £10 | 0 | 0 |
| Peter Lyons, West Street ........ | 10 | 10 | 0 |
| Robert Webster ........ | 10 | 0 | 0 |
| Richard Magrane, Balbriggan ........ | 10 | 0 | 0 |
| Drogheda Chemical Manure Co. ... | 8 | 0 | 0 |
| M. McQuaile, West Street ........ | 5 | 5 | 0 |
| Frank Knowles ........ | 5 | 5 | 0 |
| Miss M. A. Lyons, James' Street ... | 5 | 5 | 0 |
| Robert Murdock, T.C. ........ | 5 | 0 | 0 |
| J. W. Harbinson ........ | 5 | 0 | 0 |
| Anonymous ........ | 5 | 0 | 0 |
| Augustine Murphy ........ | 5 | 0 | 0 |
| Rt. Rev Monsignor P Segrave, P.P. | 5 | 0 | 0 |
| Rev. J. Nulty, P.P. ........ | 5 | 0 | 0 |
| P. Anderson ........ | 5 | 0 | 0 |
| L. J. Elcock, T.C. ........ | 5 | 0 | 0 |
| Mrs. Markey, Reynoldstown ........ | 5 | 0 | 0 |
| Abbey Motor Service ........ | 5 | 0 | 0 |
| Dr. W. Bradley ........ | 5 | 0 | 0 |
| "F. and E." ........ | 5 | 0 | 0 |
| William Curran, Rose Hall ........ | 5 | 0 | 0 |
| A. Davis and Co., Ltd. ........ | 5 | 0 | 0 |
| Augustinian Fathers, Shop St. ... | 5 | 0 | 0 |
| Drogheda Athletic Club ........ | 4 | 0 | 0 |
| Sean MacEnri, T.C. ........ | 3 | 3 | 0 |
| E. McArdle, West Street ........ | 3 | 0 | 0 |
| N. T. Murphy, Hill of Rath ........ | 3 | 0 | 0 |
| Drogheda Painters' Society ........ | 3 | 0 | 0 |
| Duffner Bros., Shop Street ........ | 2 | 2 | 6 |

£2 2s. each—Rev. C. H. W. Hammick, P. Tallan, solicitor; A. J. McQuillan, R. H. Taylor, "Drogheda Advertiser"; Dr. Thomas Parr, J. A. Inglis, P. J. McNamara, T.C.; Dr. G. Hamill, J. W. Broderick, Thomas Sheridan, West Street; A. A. Donnelly, V.S.; J. J. Grayson, John J. Callan, Robert Moore, James H. Dixon, 24, James St., Dublin; T. Duff, Munster and Leinster Bank; S. Henley, Fair St.; E. Q. Whitty, Belfast Bank.

£2 each—Charles McKenny, Rev. Chancellor Ledoux, P. Connolly, Shop Street; James Moonan, West Street; Lawrence Stanley, West Street; John Boyle, Bull Ring; James Gray, West Street; B. McDonnell, James Collins, Shop Street; J. Smart, Weir House; Patrick Carroll, T.C.

£1 1s. each—Rev. T. R. Brunskill, Mrs. Schwer, J. R. Pearson, Provincial Bank; Sympathiser, John Corcoran, Dr. L. V. Hunt, Fair Street.

£1 each—J. C. Thornhill, T.C.; Rev. John Linahan, J. A. Gannon, Wm. Moore, Railway Terrace, J. W. Hillis, L.L.W., Thomas Carroll, T.C.; Mrs. Doyle, James' Street; G. Murphy, West Street; P. Barker, Chord Road; W. Dillon, John Street; Joe McHugh, Rev. Father McCooey, James Irwin, Beamore Road; James Bellew, Killineer; J. J. Burke, J. Carr, J. Doherty, Palace Street; Alderman J. McDonnell, John Hatch, Duleek; Thomas Molloy, John P. O'Brien, Sunnyside; Hugh O'Reilly, St. Mark's Terrace; Rev. Fr. Dolan, C.C., Collon; Mrs. Mahon, Collon; Mrs. Brown, do.

10s. each.—Rev. A. Hall, Andrew Wogan, J. A. C. Noonan, Peadar McCann, T.C.; Thomas Hughes, P.L.G.; M. Carroll, Cushenstown; F. Bateson, T.C.; — Murphy, Irish Packing Co., William Wissett, M. Bogue, James J. McQuillan, Fair Street.

8s.—H. Balfe, T.C.

7s. 6d.—Patrick Segrave.

6s.—Bernard Carbery, Collon.

5s. each—James Deery, P.L.G., Doneycarney; A. B. Kelly, Tomas O'Keneghan, Alderman T. Halpin, P. Lennon, Fair Street; H. Cunningham "Argus" Office; Mrs. Callan Collon; T. McQuillan, Collon; Mr. Gargan, Collon; Anonymous, Collon; Miss Willison, Irish Packing Company.

4s. each—Liam Buckley, B. Carbery.

2s. 6d. each—T. Kierans, Walter Coombes, Anonymous, Michael Meagher, Francis Street; Mr. Healy, Collon; Mr. Waters, do.; Mrs. Hoey, do.; Mrs. Mathews, do.; Mrs. Little, do.; Mrs. Campbell, do.

2s. each—M. Rourke, Mr. Bellew, Collon; J. Hanratty, P.O., Collon; J. Calderworth, do.; Miss Hass, do.

1s. each—Mr. Sherlock, Collon; Miss Mites, do.; R. Grey, do. Box Collection, Sunday, 26th September, £25 14s. 11d. Total—£286 19s. 11d.

Ciste Faoisimh Bhaile Brigín in The Drogheda Independent, an 2 Deireadh Fómhair 1920
Le caoinchead ó Chartlann Nuachtán na hÉireann

libraries.
fingal.ie

# Creachadh Bhaile Brigín

AN 20 MEÁN FÓMHAIR 1920

*“see that the acute distress among its inhabitants is relieved at once and the mill restored as soon as possible”*

People of Philadelphia – The Drogheda Independent 30th October 1920



Coimisiún Mheiriceá um Fhaoiseamh in Éirinn ar Shráid Chluain Ard
Íomhá le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

## Cabhair Idirnáisiúnta

### Tháinig Coimisiún Mheiriceá um Fhaoiseamh in Éirinn go Baile Átha Cliath i mí Feabhra 1921.

Thaistil John Derham go Washington roinnt míonna roimhe sin chun fianaise a thabhairt dóibh agus cuntas á thabhairt ar an scrios a tharla i mBaile Brigín an 20 Meán Fómhair agus an tacaíocht airgeadais a theastaigh. Thug Coimisiún Mheiriceá cuairt ar Bhaile Brigín an 14 Feabhra chun an damáiste a mheas iad féin. Bhuail cuid de na Coimisinéirí Baile agus an tUasal Whyte, Cathaoirleach Choiste Faoisimh Bhaile Brigín, leo agus tugadh tríd an mbaile iad agus thug siad cuairt ar fhothracha na monarchan góiséireachta, ar ghnólachtaí eile a ndearnadh damáiste dóibh agus ar na teachíní dóite ar Shráid Chluain Ard. Phléigh siad an gá atá leis an monarcha a atógáil chomh maith le tithe eiseamláireacha a thógáil d’fhostaithe na monarchan. Chuir an tUasal Despard, ball de Choimisiún Mheiriceá, teachtaireacht chuig Stáit Aontaithe Mheiriceá inar thug sí le fios gurbh iad na mná agus na leanaí ba mhó a d’fhulaing agus mhol sí “beathú scoile ar scála mór” agus “atógáil agus athbhunú na monarchana scriosta”.

Tugadh le fios gur thóg Cathair Philadelphia Baile Brigín i gcúram agus “chinnteodh sé go ndéanfaí an suaitheadh géar i measc a lucht cónaithe a mhaolú láithreach agus go ndéanfaí an muileann a athchóiriú a luaithe agus ab fhéidir”. Bhí tionscal rathúil góiséireachta in Philadelphia agus b’fhéidir gurbh é sin an chúis a bhí leis an ngníomh seo. I bhfírinne, bhí roinnt oibrithe góiséireachta as Baile Brigín ar imirce ansin faoin mbliain 1930 agus ba iad “na góiséirí ab fhearr thall ansin mar gheall go raibh na poist ab airde acu ar fad”.


Chuir Coiste Faoisimh Bhaile Brigín, le cabhair ón gCros Bhán, roinnt frámaí cniotála i bhfearas i seid a bhí slán go fóill ag fothracha mhonarcha Sea Mills. Chabhraigh siad freisin chun teachíní a thógáil ar Shráid Hampton. Tháinig airgead chuige seo ó £4,000 a d’fhág an tArd-Easpag Walsh, a bhí básaithe ag an tráth, leis an gCros Bhán le húsáid chun faoiseamh a thabhairt do Bhaile Brigín. D’iarr an tArd-Easpag Walsh go n-úsáidfí £2,500 ar thithíocht agus an chuid eile le haghaidh gnáthfhaoisimh.



Sráid Chluain Ard
Íomhá le caoinchead ó Chartlann RTÉ



Coimisiún Mheiriceá um Fhaoiseamh in Éirinn ag Monarcha Góiséireachta Sea Mills
Íomhá le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann



28

IRISH WHITE CROSS REPORT.

SECTION I.

(A.) Income and Expenditure Account for the Period from its Inception to 31st August, 1922.

EXPENDITURE.

| | £ s. d. | £ s. d. |
|---|---|---|
| August 31st, 1922. To Relief Grants:— | | |
| Branch Committees (Of which £788,215 14s. 8d. has been distributed to date.) | 804,955 16 3 | |
| Funds allocated for continuation of Relief of Disabled Persons (Of which £11,478 9s. 2d. has been distributed to date.) | 75,000 0 0 | |
| Orphaned Children's Fund (Of which £1,835 18s. 8d. has been distributed to date.) | 150,000 0 0 | |
| Hospital Grants, etc. | 4,038 8 4 | |
| General Distress in Famine Areas (Of which £31,428 10s. 0d. has been distributed to date.) | 33,000 0 0 | |
| Special Allocation for Balbriggan | 4,000 0 0 | |
| | | 1,070,994 4 7 |
| ,, Reconstruction Commission | | 275,243 10 0 |
| ,, Employment Schemes | | 4,831 14 2 |
| ,, Administrative Expenses:— | | |
| Premises and Furniture | 3,083 13 7 | |
| Travelling Expenses and Investigation Fees | 5,814 1 6 | |
| Office Salaries and Wages | 3,562 18 10 | |
| Publicity | 1,176 10 10 | |
| Printing and Stationery | 1,008 9 1 | |
| Architect's Fees and Expenses—Belfast Housing Scheme | 461 0 0 | |
| Audit Fee | 131 5 0 | |
| Legal Expenses | 45 3 0 | |
| Carried forward, | £15,283 1 10 | £1,351,069 8 9 |

29

INCOME.

| | £ s. d. | £ s. d. |
|---|---|---|
| August 31st, 1922. By Subscriptions through American Committee for Relief in Ireland | 1,210,627 11 3 | |
| ,, U.S.A. direct | 62,619 4 8 | |
| ,, Canada | 8,659 4 5 | |
| | | 1,281,906 0 4 |
| ,, Ireland | | 62,643 19 2 |
| ,, England | 9,517 3 4 | |
| ,, Scotland | 3,814 6 1 | |
| ,, Other Countries | 8,253 16 0 | |
| ,, His Holiness the late Pope Benedict XV. | 5,149 6 8 | |
| | | 26,734 12 1 |
| ,, Bank Interest | 3,457 15 0 | |
| ,, Sale of Stamps | 52 15 3 | |
| | | 3,510 10 3 |
| Carried forward, | | £1,374,795 1 10 |

C

Tuarascáil Chrois Bhán na hÉireann 1922
Le caoinchead Staidéar Áitiúil agus Cartlann Fhine Gall


libraries.
fingal.ie

# Creachadh Bhaile Brigín

## AN 20 MEÁN FÓMHAIR 1920

*"they had destroyed my family home. We had no choice but to move to Drogheda, our home and our street was uninhabitable"*

William Gildea, Clonard Street



Wm J. SHANNON & Co. | Chambers, 15 Upper Ormond Quay.

Dublin 25th April 1922

Dear Sir,

We are acting for Mr Thomas Kiernan of Balbriggan for whom we obtained an award in connection with property which was destroyed at his house in Balbriggan on the 21st September 1920. The particulars of the Decree are as follows:-

| | |
|---|---|
| Amount of award- | £100. 0. 0. |
| Amount of costs allowed- | 12.13. 6. |
| | £112.13. 6. |

We enclose copy of the Decree, and would be glad to know if you require any further particulars in connection with the matter so that this claim may be settled.


We are, Sir,
Yours faithfully,

The Secretary,
Balbriggan Reconstruction Committee,
Balbriggan,
Co. Dublin.

Litir Aturnae a ghabhann leis an bhForaithne Cúitimh a bronnadh ar an Uasal Thomas Kiernan, Sráid Chuain Ard
Le caoinchead ó Staidéar Áitiúil agus Cartlann Fhine Gall

## Na hÉilimh Chúitimh

**Thosaigh an tUasal William Cochrane, aturnae as Baile Brigín, le héilimh chúitimh a ullmhú faoin 23 Meán Fómhair do go leor díobh siúd a ndearnadh damáiste dá gcuid réadmhaoine. D'eagraigh sé cruinniú poiblí in éineacht le Coiste Faoisimh Bhaile Brigín agus tugadh cuireadh do gach éilitheoir freastal air. Tugadh cúnamh leis an bpáipéarachas a bhain le héileamh a dhéanamh.**



No. 10a. Decree for Compensation for Criminal Injury to Property.

W. KING, Law Printer & Law Stationer, 36 Up. Ormond-quay Dublin.

LOCAL GOVERNMENT (IRELAND) ACT, 1898.
CRIMINAL INJURIES (IRELAND) ACTS, 1919 and 1920.

County of Dublin
Division of Balbriggan

In the Matter of an Application for Compensation for Criminal Injury to Property, and of the Local Government (Ireland) Act, 1898. Criminal Injuries (Ireland) Acts, 1919-1920.

Thomas Kiernan,
of Balbriggan,
in the County of Dublin
Gentleman
APPLICANT:
The County Council of the said County of Dublin
RESPONDENTS.

* Here state nature of claim from Notice.

BY THE RIGHT HONOURABLE RECORDER OF DUBLIN.

It appearing to the Court that the Applicant caused an application to be made to the Court under the provisions of the Local Government (Ireland) Act, 1898, at these present Sittings, for the sum of One hundred Pounds to be paid to him as compensation for that at Clonard Street Balbriggan Furniture, Bedding, China, Glass, delph, clothing and articles the property of Applicant were maliciously destroyed at the house lately occupied by him on the 21st September 1920.

And it further appearing that the Notice of such Application was duly served on the Respondents and all other proper and necessary parties, and that all necessary preliminary notices had been served and published.

And the Court having duly examined into the matter of such application, and having found that the Applicant is entitled to the sum of One Hundred Pounds Pounds as Compensation for the injuries complained of:

And having further found that the said sum of One hundred Pounds ought to be raised off the County of Dublin at large

Here state area off which to be raised.

It is therefore Ordered and Decreed by the Court that the Applicant do recover from the Respondent the said sum, and also interest thereon at the rate of £5 per centum per annum from the date hereof, together with the sum of £12.13.6. for Costs and Expenses.

And it is further ordered that the said sum, Interest, Costs and Expenses, be raised by the Respondents off the County of Dublin

Dated at Green Street Dublin this 28th day of January in the Year One Thousand Nine Hundred and Twenty one

| | £ s. d. |
|---|---|
| Amount of Compensation | 100. 0. 0. |
| Costs | 12.13. 6. |
| Witness Expenses | |
| Total | £112.13. 6. |

T. O'Shaughnessy — Recorder of Dublin.
Geo. Pottrell — Clerk of the Crown and Peace for said County.
Charles W. Russell, — Solicitor for the Applicant.
19 Upper Ormond Quay, Dublin.

Litir Aturnae a ghabhann leis an bhForaithne Cúitimh a bronnadh ar an Uasal Thomas Kiernan, Sráid Chuain Ard
Le caoinchead ó Staidéar Áitiúil agus Cartlann Fhine Gall

Chuir an Coiste Faoisimh iasachtaí sealadacha ar fáil chun íoc as costais dlí go dtí go socrófaí na héilimh. Bhain fiche éilitheoir leas as na hiasachtaí seo. Fuair Comhairle Ceantair Tuaithe Bhaile an Ridire éilimh óna dtionóntaí freisin agus rinneadh iad a thaisceadh, trína n-aturnae, an tUasal Thomas Early. Ar an iomlán, taisceadh seachtó a ceathair Éileamh ar Dhíobhálacha Mailíseacha thar ceann seachtó a haon duine le Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath agus an Fo-Rúnaí, Caisleán Bhaile Átha Cliath ar luach ní ba mhó ná £130,000, agus bhain £100,000 le monarcha Deedes, Templer & Co.

Cuireadh tús leis na chéad éisteachtaí d'éilimh Bhaile Brigín an 28 Eanáir 1921 i dTeach Cúirte Shráid na Faiche, Baile Átha Cliath. D'éist an Cláraitheoir leis an bhfianaise a tugadh os a chomhair maidir le réadmhaoin a ndearnadh damáiste di oíche an 20 Meán Fómhair 1920. Thug an Dr Fulham, Oifigeach Leighis, Baile Brigín cuntas ar bhrúidiúlacht na hoíche sin, a bhí amuigh ar na sráideanna ag iarraidh cuidiú ar bhealach ar bith a d'fhéadfadh sé. Thug sé chun cuimhne saighdiúirí a fheiceáil ag teacht ó Shráid Chluain Ard agus "an tsráid trí thine taobh thiar díobh". I measc na n-éileamh a éisteadh an lá sin bhí:

Anne Corcoran – d'éiligh sí £3,300 maidir lena huachtarlann / teach, troscán, méid féir, nótaí bainc ar luach £25 agus 2 uaireadóir ar scriosadh iad go léir nuair a cuireadh a réadmhaoin trí thine. Measadh go gcosnódh sé £2,370 chun atógáil a dhéanamh agus bronnadh £2,850 uirthi.

Mary agus Joseph Costello - d'éiligh siad £700 i leith damáiste a rinneadh dá stór ginearálta agus bronnadh £600 orthu. Bhí Joseph Costello sa chúirt i mBaile Brigín roinnt seachtainí ina dhiaidh sin mar gheall nach raibh a ainm le feiceáil os cionn a áitribh. Dúirt sé leis an gcúirt gur dódh a áitreabh an 20 Meán Fómhair agus go raibh sé ag oibriú ó bhothán ar chúl an fhothraigh agus nár fágadh aon bhallaí cearta ina seasamh chun a chomhartha a chur in airde orthu.

Comhairle Ceantair Tuaithe Bhaile an Ridire - d'éiligh siad £3,100 mar gheall ar 5 theachín oibrithe a scriosadh agus damáiste a rinneadh do 15 cinn eile, agus bronnadh £2,088 orthu.

Owen Costello – d'éiligh sé £250 as earraí a scriosadh. Rinne an Cláraitheoir conspóid faoi chuid dá éileamh, go háirithe £35 ar phictiúir. "Ar phictiúir ola a bhí iontu"? a d'fhiafraigh sé agus bronnadh £100 air.

Éisteadh leis an éileamh ba mhó £100,000 a rinne Deedes, Templer & Co. an 7 Márta 1921. Bhí san éileamh seo an costas a bhí ar an monarcha a atógáil agus na meaisíní speisialta a scriosadh sa tine a chur i bhfearas arís. Bhronn an Cláraitheoir £62,324.



Teach Cúirte Shráid na Faiche
Le caoinchead ó Sheirbhís Chúirteanna na hÉireann

Lean an Cláraitheoir ag éisteacht le héilimh Bhaile Brigín sna chéad chúpla seachtain eile ina dhiaidh sin. Éisteadh leis na héilimh seo a leanas an 8 Márta 1921:

D'éiligh Margaret Derham, bean chéile John Derham, £8,600 as a réadmhaoin a dhó – bronnadh £7,800 uirthi ar an gcoinníoll go ndéanfaí an t-áitreabh a atógáil.

Rinne James agus Terence O'Neill éileamh le chéile maidir le 6 theachín leo a scriosadh trí thine agus bronnadh £2,600 orthu.

Chuir gaolta le Séamus Lawless agus Seán Gibbons éilimh isteach freisin. Mar gheall go raibh bás faighte ag Rose Gibbons, máthair Seán Gibbons, ó cuireadh an t-éileamh ar aghaidh, bhronn an Cláraitheoir £500 lena roinnt i measc a thriúir dheirfiúracha. Bhronn sé £ 1,750 ar bhean chéile agus ochtar leanaí Séamus Lawless.

Bhí na héilimh le híoc ag Údaráis Áitiúla ó rátaí a gearradh. Ach toisc gur thacaigh go leor Údaráis Áitiúla leis na poblachtaigh agus gur mhothaigh siad gur chóir do Rialtas na Breataine íoc as an damáiste, nuair a chuirtear san áireamh go ndearna a bhfórsaí an chuid ba mhó den mhilleadh, dhiúltaigh na húdaráis chun rátaí a bhailiú. Níor íoc Rialtas na Breataine go leor de na deontais a bhí á n-íoc acu le hÚdaráis Áitiúla agus d'úsáid siad an t-airgead chun íoc as éilimh a rinne a gcuid saighdiúirí féin. Níor íocadh an t-airgead a bronnadh ar mhuintir Bhaile Brigín.

Shínigh Mícheál Ó Coileáin an Conradh idir Éirinn agus an Bhreatain an 6 Nollaig 2017. Rinneadh Saorstát d'Éirinn agus bunaíodh an Rialtas Sealadach. Rinne an Bhreatain agus Éire an cinneadh go mbeadh gach tír freagrach as damáistí a rinne a gcuid fórsaí féin a íoc. Toisc go raibh an chuid ba mhó de na héilimh mar thoradh ar "díoltas" a bhain na Dúchrónaigh amach, d'íoc an Bhreatain an chuid ba mhó de na costais, faoi dheireadh, trí airgead a aistriú óna Státchiste. Bhunaigh an Rialtas Sealadach Coimisiún Cúitimh (Éire) ina raibh triúr fear a rinne imscrúdú faoi stiúir an Tiarna Shaw ar gach éileamh agus ar an méid airgid a ceadaíodh lena bhronnadh. Tionóladh Coimisiún Shaw an 19 Bealtaine 1922 i dTeach Cúirte Shráid na Faiche. Bhí athmheasúnú déanta ar éilimh Bhaile Brigín go léir faoi dheireadh 1922 agus rinneadh dhá chúigiú díobh a laghdú. Laghdaíodh an costas iomlán cúitimh do Bhaile Brigín faoi £25,000 go príomha mar gheall ar an athrú a rinneadh ar an méid a bronnadh ar Deedes, Templer & Co. anuas ó £62,424 go £45,000. Íocadh an t-airgead a bronnadh leis na héilitheoirí go luath i 1923.

libraries.
fingal.ie

# Creachadh Bhaile Brigín

## AN 20 MEÁN FÓMHAIR 1920

*“see that the people are suffering severely from unemployment... shortage in food and nervous strain”*

Mrs. Despard, American Commission for Relief in Ireland


POST OFFICE TELEGRAPHS.

This Form must accompany any inquiry respecting this Telegram.

Office of Origin and Service Instructions. Dublin T.

Charges to pay s. d.

Handed in at 5/50 m. Received here at 6/15


Office Stamp

TO Town Clerk Balbriggan

Minister of Economic affairs will receive deputation from your Council relative to rebuilding Balbriggan at 12 noon Tuesday 11th

Secretary

Teileagram dar dáta an 12 Aibreán 1922 ina n-aithnítear go gcasfaidh an tAire Gnóthaí Eacnamaíocha le Coimisinéirí Baile Bhaile Brigín maidir le Baile Brigín a atógáil
Le caoinchead ó Staidéar Áitiúil agus Cartlann Fhine Gall


COCHRANE & CO.
SOLICITORS
W. L. B. COCHRANE

Balbriggan

18th March, 1922

William Hannon, Esq.
Town Clerk,
Balbriggan

Dear Sir,

Replying to yours of the 16th instant, with pleasure I shall accompany the Deputation named therein to the Provisional Government. I note that you will let me know as soon as you hear from Mr Collins the date, hour and place of meeting.

Yours very truly,

Aithníonn William Cochrane go bhfreastalóidh sé ar an gcruinniú leis an Rialtas Sealadach agus le Mícheál Ó Coileáin
Le caoinchead ó Staidéar Áitiúil agus Cartlann Fhine Gall

## Baile Brigín a Atógáil


**Cuireadh tús le Baile Brigín a Atógáil tar éis scriosadh an 20 Meán Fómhair beagnach láithreach. Miondamáiste a bhí i gceist le roinnt damáiste agus b’éasca é a dheisiú. D’fhostaigh Comhairle Ceantair Tuaithe Bhaile an Ridire James Howard, tógálaí áitiúil, faoin 11 Deireadh Fómhair chun doirse agus fuinneoga a dtithe a ndearnadh damáiste dóibh ar Shráid Chluain Ard a dheisiú. D’fhan na tionóntaí sna tithe agus na deisiúcháin á ndéanamh.**

Ghlac sé i bhfad ní ba mhó ama chun na gnólachtaí agus na teachíní a scriosadh a atógáil. Mheas an t-ailtire Michael Heeney go gcosnódh sé £60,000 chun Baile Brigín a atógáil, agus go gcosnódh sé breis agus £17,000 fiú amháin chun monarcha Balbriggan Sea Mills a atógáil. Bhí ar na húinéirí fanacht go ndéanfaí cinneadh ar a n-éilimh chúitimh agus go n-íocfaí iad agus ní bhfuarthas formhór na n-íocaíochtaí go dtí deireadh 1922.

Nuair a bunaíodh an Rialtas Sealadach nua rinneadh comhaontú leis an mBreatain maidir le cé a d’íocfadh as na dámhachtainí a rinneadh as damáistí mailíseacha. Bhí gach éileamh a taisceadh le hathmheasúnú ach, toisc go nglacfadh sé seo roinnt ama, bhunaigh an Rialtas Sealadach scéim chun atógáil réadmhaoine scriosta a mhaoiniú.
Tar éis do thoscairí ó Choimisinéirí Baile Bhaile Brigín casadh leis an Aire Gnóthaí Eacnamaíocha, an tUasal O’Higgins, agus i ndiaidh gur labhair siad freisin le Mícheál Ó Coileáin, an tAire Airgeadais, a dúirt leo go ndéanfadh sé gach rud ar a chumas chun gach rud a fháil dóibh a theastaigh uathu, d’fhill siad ar Bhaile Brigín chun plean gníomhaíochta a dhréachtú a bhí cosúil le plean Chorcaí, áit ar thit eachtra amach a bhí cosúil le scriosadh Bhaile Brigín. Cuireadh Coiste Atógála Bhaile Brigín, ina raibh ball den Rialtas Sealadach, ar bun chun an scéim a riar agus d’fheidhmeofaí é faoi rialú na hAireachta Rialtais Áitiúil. Chuirfí deontas tógála ar fáil do gach sealbhóir foraithne ar luach trí chúigiú den mhéid a bronnadh orthu.

Taisceadh suim aontaithe airgid i gcuntas Choiste Atógála Bhaile Brigín ag eatraimh chun na méideanna a cheadaigh an Coiste a íoc. Glaodh cruinniú an 18 Aibreán 1922 de na sealbhóirí foraithne go léir agus tugadh cuntas ar an scéim. D’éirigh a fheabhas sin leis an scéim atógála go raibh an réadmhaoin go léir a ndearnadh damáiste dóibh atógtha faoi 1924, seachas monarcha Balbriggan Sea Mills.

Bhronn Coimisiún Shaw £45,000 ar úinéirí Balbriggan Sea Mills, Deedes, Templer & Co., i Meitheamh 1922 ar an gcoinníoll go mbainfí £5,000 mura ndéanfaí an mhonarcha a atógáil. Ghlac na húinéirí leis an airgead a bronnadh orthu ach fágadh an mhonarcha ina fothrach. Thar na blianta, rinne Coiste Faoisimh Bhaile Brigín, na Coimisinéirí Baile, agus Coiste Atógála Bhaile Brigín, ina dhiaidh sin, iarracht maoiniú a fháil chun an mhonarcha a atógáil ach níor éirigh leo. Ba sa bhliain 1933 a osclaíodh an mhonarcha sa deireadh. Thosaigh Messrs. Stephenson and Co. as Baile Nua na hArda, a bhí ina ndéantúsóirí ar bhranda góiséireachta agus fo-éadaí Shamrock, ag oibriú ar an láithreán go luath i 1932 agus d’éirigh leo an mhonarcha a oscailt an bhliain dar gcionn. Bhí post arís, ar deireadh, ag go leor oibrithe oilte nach raibh fostaithe go leanúnach ó Mheán Fómhair 1920.


SCHEME OF ORGANISATION TO FACILITATE AND EXPEDITE THE RECONSTRUCTION OF BALBRIGGAN DESTROYED AREAS.

1. A Committee to be set up in Balbriggan by the Irish Provisional Government, consisting of:-
One (1) Representative of the Provisional Government and the following nine (9) persons appointed by the Town Commissioners these latter includes one (1) person representative of the owners of destroyed buildings in the town area, and two (2) persons representative of the Balbriggan Districts Trades and Labor Council, namely:-

Messrs M.J.Derham T.D. C.T.C. Chairman.
Richard S. Gorman T.C. Thomas M.Cashell T.C.
Richard Smyth T.C. Dr W. Fullam Wm. L.B.Cochrane,Solicitor
P.J.Curran Co.C. & Michael Brady T.C. Representing Trade & Labour
Patrick J. Connolly Representing the owners of destroyed buildings in the town

The Committee to have the assistance of the Town Commissioners, officers viz Town Clerk, Solicitor and Treasurer, together with the assistance of an Architect and Engineer, ( and/or ) uantity Surveyer), appointed and remunerated by the Provisional Government. The Provisional Government to pay an Honorarium of to the Town Clerk with the sanction of the Provisional Government, for services rendered as Secretary to the Committee.

2. A sum of not exceeding to be placed immediately at the disposal of the Committee when it is set up. This money to be placed to the Credit of the Town Treasurer for payment, all expenditure upon building works by decree holders, that has been vouched to their satisfaction, and that of the Architect and Engineer appointed for the purpose, by the Provisional Government up to the date of the certificate.

Cuntas ar conas a oibreofar Scéim Atógála Bhaile Brigín, zfaoi mar a chomhaontaigh na Coimisinéirí Baile
Le caoinchead ó Staidéar Áitiúil agus Cartlann Fhine Gall




Sráid an Droichid le Teach Tábhairne Connolly c1955. Scriosadh Connolly’s i Meán Fómhair 1920
Le caoinchead Staidéar Áitiúil agus Cartlann Fhine Gall

libraries.
fingal.ie